An Coimisiún Eorpach




# An t-idirghníomhú idir comhpháirteanna deontais agus iasachta na saoráide iasachta don earnáil phoiblí faoin Sásra um Aistriú Cóir

*An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol*

Is í an tsaoráid iasachta don earnáil phoiblí (PSLF) an tríú colún den Sásra um Aistriú Cóir (JTM) — príomhuirlis de chuid phlean infheistíochta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ná aon réigiún ar gcúl san aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de.

# An Sásra um Aistriú Cóir

## chun tacú leis na réigiúin is mó atá neamhchosanta ar dhúshláin aistrithe sna Ballstáit uile agus chun iad a mhaoiniú

**I — An Ciste um Aistriú Cóir**

Cuireann sé deontais ar fáil sa chéad áit

**II — InvestEU**

scéim thiomnaithe um aistriú cóir

Bailíonn sé infheistíocht phríobháideach isteach

**III — Saoráid iasachta don earnáil phoiblí leis BEI**

Déanann sé infheistíochtaí poiblí a ghiaráil

*Áirítear le JTM creat rialachais atá dírithe ar phleananna críochacha um aistriú cóir*

Is saoráid um maoiniú measctha í an PSLF, ina gcomhcheanglaítear deontais ón gCoimisiún Eorpach (suas le EUR 1.3 billiún) agus iasachtaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) (suas le EUR 6-8 mbilliún). Ceapadh an tacaíocht chomhcheangailte chun infheistíocht bhreise a úsáid d'eintitis san earnáil phoiblí sna réigiúin is mó atá buailte san Eoraip chun freastal ar a riachtanais forbartha san aistriú i dtreo geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de. A bhuí leis an meascán d'iasacht BEI agus den deontas ón gCoimisiún Eorpach, éascófar maoiniú do thionscadail nach ngineann sreafaí leordhóthanacha ioncaim chun a gcostais infheistíochta a chumhdach.

Sainaithnítear na réigiúin is mó atá buailte sna pleananna críochacha um aistriú cóir (TJTPanna). Forbraíonn gach Ballstát na pleananna sin agus leagtar amach iontu na dúshláin i ngach críoch um aistriú cóir, mar aon leis na riachtanais agus na cuspóirí forbartha atá le comhlíonadh faoi 2030. Ní mór tionscadail PSLF a bheith lonnaithe i réigiúin atá sainaitheanta mar réigiúin a bhfuil tionchar mór ag an aistriú i dtreo spriocanna aeráide an Aontais Eorpaigh sna TJTPanna a glacadh, nó ní mór dóibh a bheith chun tairbhe na réigiún sin. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach an léarscáil ar an Ardán um Aistriú Cóir nó an liosta TJTPanna ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA).

## Is saoráid um maoiniú measctha í an tsaoráid iasachta don earnáil phoiblí chun **EUR 13.3-15.3 billiún** d'infheistíochtaí poiblí a úsáid

Suas le **EUR 1.3 billiún** de dheontais ón gCoimisiún Eorpach

\+

Suas le **EUR 6-8 mbilliún** d'iasachtaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta

\+

Thart ar **EUR 6 mbilliún** d'acmhainní breise úsáidte (*)

(*) Deontais náisiúnta, iasachtaí, acmhainní dílse, etc.

# An deontas

Bronnfaidh an Coimisiún Eorpach deontas ar iarratasóirí rathúla. Cinntear méid an deontais mar chéatadán den iasacht: 15 % nó 25 % má tá an tionscadal lonnaithe i réigiún beagfhorbartha.

Chun iarratas a dhéanamh ar an deontas saoráide iasachta don earnáil phoiblí, ba cheart do na hiarratasóirí togra a chur isteach faoi cheann den dá thopaic sa ghlao oscailte ar thograí:

JTM-2022-2025-PSLF-STANDALONE-PROJECTS

**maidir le tionscadail neamhspleácha atá nasctha le hiasacht ó BEI nó ó cheann dá idirghabhálaithe airgeadais**

JTM-2022-2025-PSLF-FRAMEWORK LOANS

**maidir le sraith tionscadal atá nasctha le creat-iasacht BEI (caighdeánach nó comhordaithe)**



Tá tuilleadh eolais faoin nglao ar thograí le fáil ar an tairseach Maoinithe & Tairiscintí (an Coimisiún Eorpach > tairseach Maoinithe & Tairiscintí) agus ar shuíomh gréasáin CINEA.





# An iasacht

Ní mór d'iarratasóirí iasacht a fháil freisin ó BEI nó ó cheann dá idirghabhálaithe airgeadais. Is féidir na hiarratais ar iasachtaí a chur isteach tráth ar bith. Maidir le hiasachtaí a iarrtar ó BEI, ba cheart go mbeadh EUR 12.5 milliún ar a laghad i gceist (seachas iasachtaí arna soláthar ag idirghabhálaithe airgeadais).

Is iondúil go gcumhdaíonn iasacht BEI (EUR 12.5 milliún) 50 % de chostais iomlána na dtionscadal agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh EUR 25 mhilliún ar a laghad sna costais iomlána. Féadfaidh BEI a chinneadh ráta maoinithe níos airde (os cionn 50 %) a chur i bhfeidhm maidir le tionscadail i réigiúin bheagfhorbartha agus i réigiúin idirlinne.

Tá roinnt cineálacha maoinithe BEI ann ar féidir iad a chomhcheangal le deontas saoráide iasachta don earnáil phoiblí.

- **Iasachtaí** chun tionscadal infheistíochta aonair a mhaoiniú.
  - Iasachtaí arna soláthar ag BEI (iasacht dhíreach EUR 12.5 milliún ar a laghad).
  - Iasachtaí arna soláthar ag ceann d'idirghabhálaithe airgeadais BEI (iasacht trí idirghabhálaí EUR 3 mhilliún ar a laghad). Ní mór do BEI agus don idirghabhálaí airgeadais iasacht trí idirghabhálaí a bheith sínithe acu. Ní mór do thairbhí deiridh na hiasachta trí idirghabhálaí tograí le haghaidh deontas a chur isteach, toisc nach féidir leis an idirghabhálaí airgeadais iarratas díreach a dhéanamh ar dheontais faoin tsaoráid.
- **Creat-iasachtaí** chun cláir infheistíochta ilbhliantúla a mhaoiniú, ina bhfuil roinnt tionscadal níos lú sna hearnálacha céanna nó in earnálacha éagsúla, nach bhfuil sainithe (go hiomlán) tráth an iarratais. Ní mór do BEI creat-iasachtaí a chur ar fáil go díreach (ní trí idirghabhálaí airgeadais) agus is féidir dhá chineál iasachtaí a bheith iontu.
  - **Creat-iasachtaí caighdeánacha** — nuair is é iarratasóir an deontais an t-aon tairbhí amháin de shraith tionscadal.
  - **Creat-iasachtaí comhordaithe** — nuair a ghníomhaíonn iarratasóir an deontais mar chomhordaitheoir (1) de shraith tionscadal thar ceann tairbhithe eile agus nuair a aistríonn sé tacaíocht airgeadais chuig tríú páirtithe.

  Ba cheart go mbeadh an méid foriomlán creat-iasachta a iarrtar os cionn EUR 12.5 milliún, ach d'fhéadfadh costais infheistíochta na dtionscadal aonair a chumhdaítear le creat-iasacht a bheith éagsúil ó thaobh méide de.

(1) Áirítear ar na comhordaitheoirí incháilithe eintitis cheannasacha (mar shampla aireachtaí agus gníomhaireachtaí stáit), agus bainc agus institiúidí náisiúnta agus réigiúnacha spreagtha a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu.

## Iasachtaí BEI

| JTM-2022-2025-PSLF-STANDALONE PROJECTS | | JTM-2022-2025-PSLF-FRAMEWORK LOANS | |
|---|---|---|---|
| Iasachtaí | | Creat-iasachtaí | |
| Arna gcur ar fáil ag BEI | Arna soláthar ag idirghabhálaithe airgeadais BEI | Creatiasachtaí caighdeánacha | Creatiasachtaí comhordaithe |
| EUR 12.5 milliún ar a laghad | EUR 1 milliún ar a laghad | EUR 12.5 milliún ar a laghad | EUR 12.5 milliún ar a laghad |

Tá faisnéis níos mionsonraithe ag BEI maidir leis na cineálacha éagsúla iasachtaí ar a shuíomh gréasáin.

# Measúnú an Choimisiúin Eorpaigh agus BEI

Déanfaidh an Coimisiún Eorpach agus BEI measúnú mionsonraithe ar gach togra a chuirfear isteach.

## Measúnú an Choimisiúin

- Laistigh de 15 lá ón togra maidir le deontas a bheith curtha isteach, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na tograí in aghaidh na gceanglas inghlacthachta agus incháilitheachta.
- Laistigh de 3 mhí ón togra maidir le deontas a bheith curtha isteach, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na tograí in aghaidh na gcritéar roghnúcháin, eisiaimh, dámhachtana agus tosaíochta.
- Déanfaidh an Coimisiún liosta na dtograí roghnaithe a roinnt le BEI (nach bhfaighidh deontas ach amháin sa chás go bhfaigheann siad iasacht ó BEI).
- Iarrfar ar na tograí sin comhaontú deontais a ullmhú.

## Measúnú BEI

- Déanfaidh BEI measúnú ar na tograí arna roghnú ag an gCoimisiún agus cuirfidh BEI an Coimisiún ar an eolas faoi na tionscadail atá formheasta (nó nach bhfuil formheasta) lena maoiniú ag BEI, 18 mí ar a dhéanaí ó thíolacadh an ghlao.
- Nuair a bheidh measúnú BEI tugtha chun críche, ullmhóidh an Coimisiún na comhaontuithe deontais leis na tograí rathúla agus cuirfidh sé iad i gcrích.

## Eisíocaíocht deontais agus iasachta

- Eisíoctar an deontas ar an gcoinníoll go mbeidh éifeacht le comhaontú maoinithe BEI.

Maidir le creat-iasachtaí, ba cheart go ndéanfaí an-phlé le BEI sula gcuirfí togra faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh. Maidir leis na hiasachtaí díreacha eile arna mbronnadh ag BEI, moltar freisin dul i dteagmháil le BEI go luath sula ndéanfar iarratas ar dheontas.

Is iondúil go dtéann tionscadal arna mhaoiniú ag BEI trí sheacht gcéim mhóra: togra, breithmheas, formheas, síniú, eisíocaíocht, faireachán agus tuairisciú, agus aisíocaíocht.

- Céim 1 Moladh →
- Céim 2 Breithmheas →
- Céim 3 Formheas →
- Céim 4 Síniú
- Céim 5 Eisíocaíocht →
- Céim 6 Faireachán agus tuairisciú →
- Céim 7 Aisíocaíocht

## Tacaíocht chomhairleach

Is féidir le hiarratasóirí tairbhe a bhaint freisin as an tacaíocht chomhairleach atá ar fáil faoin tsaoráid iasachta don earnáil phoiblí trí Mhol Comhairleach InvestEU nó 'Ag obair i dtreo aistriú cóir' (eib.org) chun tionscadail incháilithe a ullmhú, a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus chun acmhainn na dtairbhithe a fhorbairt. Is féidir cúnamh comhairleach a fháil, mar shampla, maidir le:

- luathfhorbairt tionscadal a chur chun tosaigh, lena n-áirítear tionscadail a scagadh agus a chur in ord tosaíochta;
- struchtúrú agus samhaltú airgeadais;
- staidéir féidearthachta;
- tacaíocht maidir le cur chun feidhme.

Tá tacaíocht chomhairleach ar fáil roimh agus tar éis an togra a chur isteach. Agus an pointe iontrála lárnach á úsáid acu, iarrtar ar iarratasóirí a shonrú go n-iarrann siad tacaíocht chomhairleach i dtaca leis an tsaoráid iasachta don earnáil phoiblí.

Tá suas le EUR 35 milliún ar fáil le haghaidh tacaíocht chomhairleach, lena n-áirítear EUR 10 milliún chun cumas cur chun feidhme na dtairbhithe a fhorbairt, go háirithe i réigiúin bheagfhorbartha.

### Eolas úsáideach agus naisc úsáideacha

- Chun tuilleadh eolais a fháil faoin Sásra um Aistriú Cóir, tabhair cuairt ar an Ardán um Aistriú Cóir (an Coimisiún Eorpach > Beartas Réigiúnach > Maoiniú > An Ciste um Aistriú Cóir > An tArdán um Aistriú Cóir). Ar an leathanach seo, gheobhaidh tú eolas freisin faoi imeachtaí, nuacht agus deiseanna maoinithe ábhartha.
- Chun tuilleadh eolais a fháil faoi mhaoiniú CINEA agus PSLF, téigh chuig suíomh gréasáin CINEA (an Coimisiún Eorpach > CINEA > Sásra um Aistriú Cóir).
- Chun a fháil amach conas a thacaíonn BEI le haistriú cóir, téigh chuig BEI > Tionscadail > Earnálacha > Forbairt réigiúnach > Aistriú cóir.
- Chun eolas a fháil faoi rialacha, beartais agus nósanna imeachta BEI maidir le hiasachtaí, tabhair cuairt ar BEI > Táirgí.
- Chun dul i dteagmháil leis na seirbhísí comhairleacha atá ar fáil faoin tSaoráid, seol ríomhphost chuig eib-advisory@eib.org.


### An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol

An Coimisiún Eorpach
B-1049 Bruxelles/Brussel,
BELGIQUE/BELGIE

Tel. + 32 22995252

https://cinea.ec.europa.eu

cinea@ec.europa.eu

@cinea_eu

CINEA — An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol

An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin CINEA



Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

Oifig Foilseachán an
Aontais Eorpaigh, 2023



© An tAontas Eorpach, 2023



| | | |
|---|---|---|
| **Print** | ISBN 978-92-95231-40-5<br>doi:10.2926/99271<br>HZ-04-23-072-GA-C | |
| **PDF** | ISBN 978-92-95225-81-7<br>doi:10.2926/33173<br>HZ-04-23-072-GA-N | |



Déantar beartas athúsáide dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh a rialú le Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39).
Ach amháin má shonraítear a mhalairt, údaraítear an doiciméad seo a athúsáid faoi cheadúnas *Creative Commons Attribution 4.0 International* (CC BY 4.0) (https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/). Ciallaíonn sé sin go gceadaítear an athúsáid ar choinníoll go dtugtar an t-aitheantas cuí agus go léirítear aon athrú a dhéantar.
All images: © Adobe Stock